

# FAOI CHAIBIDIL

Foilseofar an forlónadh ealaíon seo ar nuachtáin

Ghrúpa Meán Bhéal Feirste,

Andersonstown News, North Belfast News agus South Belfast News, chomh maith le [www.nuacht.com](http://www.nuacht.com)



Forlónadh ealaíon in eagar ag Ciarán Ó Pronntaigh

Teagmháil: [leabhar@nuacht.com](mailto:leabhar@nuacht.com)

## An chéad fhoclóir Gaeilge-Spáinnise

Ciarán Ó Pronntaigh

Beidh seoladh stairiúil ann an Satharn beag seo sa Chultúrlann nuair a chuirfear an *Diccionario Irlandés-Español*, an Foclóir Gaeilge-Spáinnise ar fáil.

Labhair 'Faoi Chaibidil' le David Barnwell, duine de na daoine a chuir le chéile é.

Tosaíonn an scéal le Pádraig Ó Domhnalláin, fear as Gaillimh a bhí ag teagasc na Gaeilge i Maidrid, idir Spáinnigh agus Éireannaigh.

"Bhí fadhb aige nó bhí easpa áiseanna ar fáil i Spáinnis agus bheartaigh sé liosta focal a chur le chéile."

I dtús na seachtóidí a tosaíodh an liosta agus d'fhás sé de réir a chéile le cuidiú óna mhic léinn.

Sa deireadh, thart ar an bhliain 1999, bhronn sé an liosta ar Institiúid Teangeolaíochta Éireann (ITÉ), ar Cheann Roinn na Nuatheangacha, David Barnwell.

"Bhí suim againn ann agus d'úsáid muid é mar chreatlach nó mar fhráma le foclóir níos cuimsithí a chur ar fáil."

Druideadh ITÉ sa bhliain 2004, ar ndóigh, agus scaipeadh na daoine a bhí ag obair ar an fhoclóir, rud a chuir moill eile le rudaí.

"Bhí an tionscadal gan teach gan bhaile," mar a dúirt David. Bhí seisean in Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, agus bhí cuidiú le fáil ón Ollamh Kinsella agus Carmen Rodríguez Alonso, bean a thosaigh a fhoghlaim

Gaeilge i Maidrid agus a bhain céim amach sa teanga ina dhiaidh.

"Chuaigh an obair ar aghaidh go mall nó bhí cúraimí eile orainn an chuid is mó den tseachtain. Bhí mise ag súil é a bheith ann i bhfad ó shin."

Is foclóir measartha cuimsitheach atá acu anois le thart ar 19,000 ceannfhocal, an chéad uair a cuireadh a leithéid ar fáil, a dhearbhaigh sé.

"Is cúis náire go bunúsach nach bhfuil tuilleadh foclóirí ann do na nuatheangacha."

De réir an taighde a rinne an tUasal Barnwell níl ann ach fhorbheagán foclóirí ar fáil ar chor ar bith, ceann Fraincise a rinneadh sa bhliain 1954, nó mar sin, ceann Gearmáinise a rinneadh sa Ghearmáin agus ceann beag Rúisise a rinne Gary Bainnister tamall maith de bhlianta ó shin agus é in Ollscoil Mhoscó.

Tá sé beartaith ag na heagarthóirí suíomh idirlín a chur ar fáil, chomh maith, don lucht Spáinnise a úsáidfidh an leabhar.

Cineál de shuíomh tacaíochta a bheadh ann ina bhféadfadh úsáideoirí ceisteanna a chur agus comhfhreagras a dhéanamh.

Is scéal cinnte go mbeidh spéis ag muintir na hÉireann san fhoclóir ach an mbeidh spéis ag Spáinniseoirí ann?

"Chonaic mé suíomh nó dhó maidir leis an Spáinn," ar sé, "agus tá suim áirithe ann. Nílimid ag rá go bhfuil na mílte ann ach tá daoine ann."

Tá beirt, mar shampla,

ag múineadh na Gaeilge go lánaimseartha i Maidrid, faoi láthair.

Ar bhealach, is cloch mhíle don Spáinnis é, chomh maith, nó seo an chéad uair a rinneadh foclóir chomh mór seo do theanga Cheilteach ar bith. Beidh spéis faoi leith ag 'réigiúin' stát na Spáinne, dar le David, an Chatalóin, Tír na mBascach agus an Ghailís.

"Táimid cinnte go mbeidh éileamh áirithe ann sna háiteanna sin agus in áiteanna i Meiriceá Theas."

"Tá traidisiún áirithe in Buenos Aires. Sa bhliain 1899 bhunaigh Conradh na Gaeilge craobh ann agus bhíodh agus tá an Ghaeilge á múineadh san Airgintín."

"Dé hAoine, mar shampla, fuair mé nóta ó dhuine in Buenos Aires a bhí ag iarraidh an fhoclóir a fháil."

"Tá tuilleadh agus trí chéad míle duine ar Éireannaigh iad san Airgintín agus déanann mionlach acu iarraidh an dúchas acu a choimeád beo."

"Tá cuid acu gafa leis an cheol Éireannach agus áit ar bith a bhfuil suim ag daoine sa cheol agus sa mhíotaseolaíocht beidh suim acu san fhoclóir."

Chomh maith leis sin is cinnte go mbeidh spéis sna Stáit Aontaithe agus an pobal mór Spáinnise sa tír.

Beidh éileamh in Éirinn, chomh maith, dar leis, áit a bhfuil Spáinnis agus Gaeilge á dteagasc.

Ag trácht ar an fhoclóir féin dúirt David go bhfuil go leor náthanna cainte ann agus thart ar chéad

seanfocal i Spáinnis agus i nGaeilge.

"Tá an Spáinnis an-saibhir maidir le seanfhocail agus má léann tú *Don Quixote*, mar shampla, feicfidh tú go leor seanfhocal ann."

Go dtí seo, is trí mheán an Bhéarla is mó a chuirfeadh Gaeilgeoir nó Spáinniseoir aithne ar an teanga eile.

Anois beidh bealach díreach ann. An amhlaidh go bhfuil buntáistí ann nach mbeidh orainn gach sórt a fheiceáil trí phríosma an Bhéarla?

"Tá, cinnte. Cé gur teanga Rómánsach í an Spáinnis agus go bhfuil difríochtaí ollmhóra idir an dá theanga tá cosúlachta ann chomh maith nach bhfuil le fáil sa Bhéarla."


Luaigh sé an dóigh a bhfuil 'Tá sé fear' (Esta un hombre versus es un hombre) contráilte sa dá theanga de thairbhe go bhfuil dhá fhocal ag freagairt do 'is' an Bhéarla, mar atá 'es' (is) agus 'estár' (tá).

"Rinne mé liosta d'fhocail ghaolmhara sa dá theanga agus is spéisiúil focail amhail 'sueño' (suan) agus 'tierra' (tír)."

Beidh David Barnwell agus Carmen Rodríguez Alonso i láthair ag an seoladh a thosóidh ar 1.30in.

Beidh téama Spáinneach sa Chultúrlann an lá céanna nó seolfar *Gaeil i dTír na nGauchos* le Mícheál de Barra, leabhar a thugann léargas ar na Gaeil san Airgintín.

Is é Coiscéim a d'fhoilsigh an dá leabhar.



Diccionario Irlandés-Español  
Foclóir Gaeilge-Spáinnise  
(An Irish-Spanish Dictionary)

David Barnwell  
Pádraig Ó Domhnalláin  
Carmen Rodríguez Alonso



## Léamh Celia

Seolfaidh Arlen House *Mná Dána (Dornán Drámaí)* an Chéadaoin bheag seo, 3 Meitheamh.

Tarlóidh an ócáid i gClub an Chonartha, 6 Sráid Fhearchair ar 8.00 san oíche.

Ar na drámaí atá sa chnuasach tá *Anraith Neantóige, Cóirín na dTonn* agus *Tearmann* a bhain go leor duaiseanna litríochta, duaiseanna Oireachtais san áireamh. Déanfaidh Celia léamh ar an oíche.



Is iomaí rud a ghlacaimid leis gan cheist gan chioradh, na rudaí is bunúsaí is mó, de ghnáth. Ní miste, ó am go chéile, cuid de na ba beannaithe a mharú, nó ar a laghad, iad a chur idir dhá thine Bhealtaine.

Agus i gcás na litríochta, áit a mbíonn na céadfaí chun tosaigh cuid mhaith, tá cúis faoi leith againn dianscrúdú a dhéanamh ar an dóigh a gcuirimid an domhan in iúl dúinn féin agus an friotal a chuirimid ar an bhraistint sin.

Chóir a bheith airteagal

creidimh é gur cúig chéadfa atá againn, radharc, éisteacht, tadhall, blas agus boladh.

Is trí na céadfaí sin, deirtear linn, a bhraithimid an domhan thart orainn.

Tá foshruith sa litríocht (smaoinigh ar *The Matrix*, mar shampla) a deir nach bhfuil sna céadfaí ach dóigh le cleas a imirt orainn; gan sa domhan a shlíimid atá thart orainn ach cur i gcéill.

Dar leis an teoiric seo is ar na súile amháin atá gach rud, ní hann dó ar chor ar bith san 'fhíorshaol'.

Ach ní ag caint ar an chineál sin ruda atá mé ná ar an dream a deir go dtig leo

intinn daoine eile a léamh ná réamhfhaisnéis a fháil ar rudaí atá ag dul a tharlú.

Ná ar dhaoine, ach oiread, a mhaíonn go dtig leo dul i dteagmháil le neacha allúrachta sna toisí atá os cionn na gceithre cinn atá ar eolas againn.

Is ag trácht ar dhóigheanna eile a gcuirimid eolas ar an saol atá thart orainn ach dóigheanna iad nár smaoinigh duine ar bith a lua linn nó a smaoinigh siad a bheith róchasta le míniú dúinn.

Sampla amháin de sin an dallradharc a bhíonn ag daoine a bhfuil damáiste

déanta dá radharc ach a bhíonn in inmhe plé leis an domhan thart orthu amhail is go raibh radharc ceart acu.

Téann an solas isteach ach téann an teachtaireacht chuig cuid eile den inchinn, áit a n-ionramháiltear an t-eolas ar dhóigh eile, go neamh-chomhfhiosach.

Is cineál d'fhuinneog iad na céadfaí ar ár n-intinn, chomh maith, ach mura bhfuil tuiscint againn ar na céadfaí féin beimid dall ar cad is braistint ann.

Agus tá go leor den bhraistint againn go neamh-chomhfhiosach; an dóigh a rialaíonn an corp na síúcraí

san fhuil, mar shampla, nó an dóigh a dtig linn turas fada a dhéanamh sa charr gan bheith ábalta mórán de a chuimhneamh nuair a smaoinimid siar.

Tógann sé ceist mhór faoi cé muid féin – an inchinn, an intinn nó an méid a shocraíonn an inchinn a chur in iúl dúinn.

Tógann an inchinn níos mó eolais isteach ar an néaróg optach agus tríd na cluasa ná mar a chuireann sí in iúl dúinn go comhfhiosach.

Déanann an inchinn go leor oibre ar an eolas a fhaigheann sí mar sin fiú sula mbíimid ar an eolas faoin

toradh a bhíonn leis.

Tá an chuma ar an scéal, faraor, nach bhfuil sa chuid chomhfhiosach dinn ach páiste a gcuirtear rudaí in iúl dó más amhlaidh go mbeidh dea-thoradh leis.

Mura bhfuil, is fearr muid a choinneáil sa dorcadhas agus ligean don inchinn leanúint leis an jab atá aici, is é sin an corp a rialú.

B'fhéidir go raibh an ceart ag an *Matrix* – nach bhfuil sna céadfaí ach *diversion* le muid a choinneáil ó thrioblóid.

Ciarán Ó  
Pronntaigh

## Daille na daille